Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Samhain 2020**
**(OR. en)**

**13351/20**
**ADD 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0340(COD)**

**TELECOM 227**
**COMPET 592**
**MI 521**
**DATAPROTECT 135**
**JAI 1021**
**CODEC 1215**
**IA 95**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Samhain 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2020) 296 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le rialachas sonraí Eorpach (An Gníomh um Rialachas Sonraí) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2020) 296 final.

Faoi iamh: SWD(2020) 296 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.11.2020
SWD(2020) 296 final

# DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

*a ghabhann leis an doiciméad*

**Togra le haghaidh**
**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le rialachas sonraí Eorpach**
**(An Gníomh um Rialachas Sonraí)**

{COM(2020) 767 final} - {SEC(2020) 405 final} - {SWD(2020) 295 final}

| A. An gá atá le beart |
|---|
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| Is é an fhadhb a dtugann an tionscnamh seo aghaidh uirthi go bhfuil comhroinnt sonraí san Aontas Eorpach fós teoranta d'ainneoin na dtairbhí a d'fhéadfaí a bhaint as an gcomhroinnt sin le haghaidh an gheilleagair agus na sochaí. Sainaithníodh trí phríomhchúis leis sin:<br>– leibhéal íseal muiníne as comhroinnt sonraí;<br>– deacrachtaí maidir le sonraí earnála poiblí áirithe a athúsáid agus maidir le sonraí a bhailiú ar fhorais altrúchais;<br>– bacainní teicniúla roimh athúsáid sonraí. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Is é is cuspóir don tionscnamh cur leis an méid muiníne atá ann as comhroinnt sonraí, sásraí a neartú chun cur leis an méid sonraí atá ar fáil, agus bacainní teicniúla roimh athúsáid sonraí a shárú. Leis sin, tacófar leis an méid sonraí atá ar fáil lena n-úsáid sa gheilleagar (chun táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt agus chun éifeachtúlacht níos fearr a bhaint amach) agus sa tsochaí (chun aghaidh a thabhairt ar dúshláin shochaíocha). Is é is aidhm don tionscnamh bunús nua a chruthú le haghaidh bealach nua Eorpach i leith rialachas sonraí, rud a bheidh ina rogha mhalartach ar an tsamhail ardáin a bhfuil na gnólachtaí Mór-Theicneolaíochta i gceannas air faoi láthair. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?** |
| Má bhíonn rialacha coiteanna ag na Ballstáit uile, leis an tionscnamh seo, cinnteofar go mbeidh gnólachtaí in ann tairbhe a bhaint as scála an mhargaidh inmheánaigh agus a gcuid táirgí agus seirbhísí a chur ar fáil ar fud an Aontais. Bheadh gnólachtaí agus eagraíochtaí taighde in ann sonraí a rochtain ó Bhallstáit éagsúla faoi choinníollacha den chineál céanna. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?** |
| Sa mheasúnú tionchair, díríodh ar cheithre réimse idirghabhálaithe: sásraí chun athúsáid fheabhsaithe a bhaint as sonraí earnála poiblí, bearta chun muinín as idirghabhálaithe sonraí a chruthú, bearta chun altrúchas sonraí a fheabhsú, agus sásra Eorpach a chruthú chun gnéithe cothrománacha an rialachais a chomhordú agus a stiúradh. I gcás gach réimse, féachadh sa mheasúnú tionchair ar roghanna boga ar nós treoraíochta nó moltaí, mar aon le dhá rogha dlí chrua a bhí éagsúil lena chéile ó thaobh an leibhéil déine a bhain leo.<br><br>Ba é conclúid na hanailíse nach féidir brath ar bhearta dlí boga chun an mhuinín is gá a chruthú as comhroinnt sonraí sna réimsí idirghabhálaithe éagsúla. Mar shampla, tá gné láidir i leith cosaint tomhaltóirí ag baint le haltrúchas sonraí, agus tá sé deacair na cuspóirí a ghabhann leis a bhaint amach le bearta boga amháin.<br><br>Maidir le hathúsáid fheabhsaithe a bhaint as sonraí earnála poiblí, féachadh ar shamhail láraithe mar aon le samhail dhíláraithe le haghaidh athúsáid sonraí a láimhseáil. I gcás na mbeart arb é is cuspóir dóibh muinín as idirghabhálaithe sonraí a chruthú, ba éagsúil na roghanna a bhí ann ó thaobh ghné dheonaigh nó éigeantach na scéime lipéadaithe / deimhniúcháin. I gcás an altrúchais sonraí, rinneadh measúnú ar roghanna le haghaidh scéim deimhniúcháin dheonaigh agus scéim údaraithe éigeantaigh. Na roghanna maidir le sásra Eorpach a chruthú chun gnéithe cothrománacha an rialachais a stiúradh agus a chomhordú, is éard a bhí iontu ná comhlacht dlí neamhspleách a chruthú agus cúram a chur ar an gCoimisiún sainghrúpa a bhunú.<br><br>Ba é conclúid an mheasúnaithe gur i gcás trí cinn de na réimsí idirghabhálaithe, ba í an rogha íseal-déine |

an rogha ab fhearr. Mar sin féin, i gcás an altrúchais sonraí, ba í an rogha ard-déine an rogha ab fhearr: le húdarú éigeantach, chruthófaí an mhuinín ba ghá as sásraí um altrúchas sonraí. I gcás lipéadú nó dheimhniúchán na n-idirghabhálaithe sonraí, ba rogha mhalartach indéanta í an scéim éigeantach freisin ós rud é go leagfadh sé amach rialacha soiléire maidir le feidhmiú sa mhargadh sonraí Eorpach agus chruthódh sé leibhéal níos airde muiníne as seirbhísí na n-idirghabhálaithe sin.

**Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara? Cad iad na bearta is rogha leo?**

Tá údaráis phoiblí i bhfabhar iarrachtaí chun rannpháirtiú na hearnála poiblí i spásanna coiteanna sonraí Eorpacha a éascú. Tacaíonn siad le sásra ilfhreastail um athúsáid sonraí mar aon le ról níos láidre a bheith ag comhlachtaí de chuid an Aontais ó thaobh caighdeáin a chur chun tosaigh. I gcás eagraíochtaí tionscail, fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus comhaltais ghnó san áireamh, leag siad béim ar an tábhacht a bhaineann le caighdeánú agus leis an idir-inoibritheacht, agus mhol siad sásra deimhniúcháin/lipéadaithe dheonaigh a ghlacadh le haghaidh idirghabhálaithe sonraí. Tacaíonn institiúidí acadúla agus taighde le hathúsáid fheabhsaithe a bhaint as sonraí earnála poiblí áirithe agus le haltrúchas sonraí. Tacaíonn an pobal i gcoitinne le straitéis sonraí fhoriomlán agus le comhroinnt altrúíoch sonraí mar aon le huirlisí teicniúla a chur ar fáil lena dtabharfar an deis do dhaoine a bheith rannpháirteach sa gheilleagar sonraí.

**C. Tionchar na rogha tosaíochta**

Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?

Is idir EUR 7.2 agus EUR 10.9 billiún an tionchar díreach a bheadh ag an bpacáiste tosaíochta ar gheilleagar sonraí an Aontais in 2028. Sa bhreis air sin, bheadh an tionscnamh ina spreagadh a chruthódh seirbhísí níos éifeachtúla agus táirgí nua atá bunaithe ar shonraí, an intleacht shaorga san áireamh. Rachadh sé sin ní hamháin chun tairbhe an gheilleagair sonraí ach chun tairbhe gheilleagar agus shochaí uile an Aontais chomh maith. Mar shampla, chabhródh sé le EUR 1.3 trilliún a ghnóthú ó tháirgiúlacht mhéadaithe sa mhonaraíocht faoi 2027 le sonraí ó Idirlíon na Rudaí Nithiúla, agus chabhródh sé le tuairim agus EUR 120 billiún a shábháil in aghaidh na bliana in earnáil sláinte an Aontais.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Sa tuairisc, sonraíodh na costais éagsúla a bhaineann le gach beart i gcás na bpáirtithe leasmhara lena mbaineann, táirgeoirí sonraí agus athúsáideoirí sonraí san áireamh. Mar shampla, le scéim lipéadaithe dheonach, bheadh costas aonuaire EUR 20 000-50 000 ar idirghabhálaithe sonraí chun an lipéad a fháil.

**Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?**

Bainfidh FBManna tairbhe as rochtain shimplithe ar shonraí earnála poiblí. I gcás idirghabhálaithe sonraí nua, is mó i bhfad na gnóthachain ó thaobh bonn cliant agus ioncaim de a d'fhéadfaidís a bhaint ná na costais a bhaineann le deimhniúchán/lipéadú.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

I gcás na mBallstát nach bhfuil struchtúir i bhfeidhm acu cheana féin, struchtúr lena gcuirtear ar fáil sonraí atá i seilbh na hearnála poiblí, thabhódh na Ballstáit sin costais. D'fhéadfadh na costais sin a bheith ina gcostas aonuaire de EUR 10.6 milliún ar an meán in aghaidh an Bhallstáit mar aon le costas athfhillteach bliantúil de EUR 61 000 le haghaidh cothabhála. Mar sin féin, na gnóthachain eacnamaíocha a gheofaí ó tháillí agus ó choigilteas de thoradh na héifeachtúlachta feabhsaithe (meastar gur coigilteas EUR 684 mhilliún a bheadh ann in aghaidh na bliana), bheadh na gnóthachain eacnamaíocha sin i bhfad níos mó ná na costais.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Feabhas ó thaobh sláinte agus folláine, comhshaol níos fearr, gníomhaíocht neartaithe i leith na haeráide

agus seirbhísí poiblí atá níos éifeachtúla, d'fhéadfaí an méid sin a bhaint amach mar gheall ar shonraí a úsáid ar bhealach níos fearr. San earnáil sláinte, is féidir leighis níos fearr agus níos pearsanaithe a fhorbairt trí leas a bhaint as sonraí. San earnáil soghluaisteachta, sa bhreis ar 27 milliún uair d'am úsáideoirí an iompair phoiblí a shábhálfaí, d'fhéadfaí suas le EUR 20 billiún a shábháil ó thaobh costais saothair na dtiománaithe gluaisteán a bhuí leis an loingseoireacht fíor-ama. Leis sin, laghdaítear an méid ama a chaitheann tiománaithe i bplódú tráchta agus téitear chun tairbhe an chomhshaoil mar gheall ar an laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ agus ar thruailliú aeir.

**Comhréireacht?**

Is creat cumasúcháin é an tionscnamh seo le haghaidh comhroinnt sonraí san Aontas Eorpach. Tá sé i gcomhréir leis na cuspóirí arna saothrú agus fágann sé solúbthacht le haghaidh bearta breise ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal earnáilsonrach.

**D. Iarobair**

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Is tar éis 4 bliana a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas.